

## Seachtain na Gaeilge

### Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi thús Sheachtain na Gaeilge. Déan féin agus an duine in aice leat iarracht an leagan Gaeilge a fháil do na focail/na téarmaí seo thíos.

a station was launched	_____
celebration	_____
permanent	_____
officially	_____
Trinity College	_____
proposal	_____
advertising	_____
sponsorship	_____
being run	_____
internationally	_____
paramount	_____
a chance	_____

Iarr ar an teagascóir cuidiú libh focal ar bith nach bhfuil ar eolas agaibh a fháil.

### Ceist 2

Féach ar an tuairisc anois agus scríobh i gcúpla abairt cad é ábhar na míre. Labhair leis an duine in aice leat le feiceáil cad a scríobh sé/sí. Bain úsáid as na focail thuas le cuidiú leat.

### Ceist 3

Anois féach ar an tuairisc don dara huair agus déan iarracht freagraí na gceisteanna seo a aimsiú. Ansin, pléigh na freagraí leis an duine in aice leat.

1. Cad atá le rá sa tuairisc faoi ainm an stáisiúin raidió?
2. Cad atá le rá ag Cathaoirleach an stáisiúin?
3. An bhfuil tábhacht idirnáisiúnta ag baint leis an bhféile seo – Seachtain na Gaeilge?
4. An bhfuil na cainteoirí sa tuairisc dearfach faoin fhéile? Cén fáth?

5. Cén áit is féidir leat breis eolais a fháil faoi Sheachtain na Gaeilge?

**Ceist 4** 'an t-ainm' agus 'ar an idirlíon'

Féach ar na focail seo thíos leis an duine in aice leat agus freagraí gí na ceisteanna:

1. Cuirigí **b** in aice leis na focail bhaininscneacha agus **f** in aice leis na focail fhirinscneacha.
2. Cuirigí na focail sa tuiseal ainmneach.
3. Cuirigí na focail sa tuiseal tabharthach.

(1) Inscne an fhocail	(2) An Tuiseal Ainmneach	(3) An Tuiseal Tabharthach
<i>ainm f</i>	<i>an t-ainm</i>	<i>ar an ainm</i>
aois		
ait		
anlann		
uisce		
urlár		
idirlíon		
im		
iris		
úll		

**Ceist 5** 'faoi láthair'

Is minic an focal 'faoi' i nathanna cainte. Féach ar na samplaí seo thíos agus cuir na frásaí in abairtí lena mbrí a léiriú:

- faoi bhrú
- faoi cheilt
- faoi chois
- faoi rún
- faoi mhaise
- faoi chaibidil
- faoi deara

**Ceist 6** Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

An bhfuil mórán eolais agat faoi Sheachtain na Gaeilge?  
An bhfuil aon rud ag tarlú i do cheantar féin le linn Sheachtain na Gaeilge?  
An n-éisteann tú le Raidió na Gaeltachta?

## Treoracha agus Freagraí

### Ceist 1

a station was launched	<i>seoladh stáisiún</i>
celebration	<i>ceiliúradh</i>
permanent	<i>buan</i>
officially	<i>go hoifigiúil</i>
Trinity College	<i>Coláiste na Tríonóide</i>
proposal	<i>togra</i>
advertising	<i>fógraíocht</i>
sponsorship	<i>urraíocht</i>
being run	<i>á reáchtáil</i>
internationally	<i>go hidirnáisiúnta</i>
paramount	<i>ríthábhachtach</i>
a chance	<i>seans</i>

### Ceist 2

Achoimre ghairid ar an tuairisc atá i gceist anseo, seans atá ann do na foghlaimeoirí buntuisicint ghinearálta a fháil.

### Ceist 3

1. Raidió X an t-ainm atá ar an stáisiún faoi láthair agus tá comórtas tosaithe le hainm buan a roghnú don stáisiún.
2. Dúirt sí go bhfuil suim léirithe sa stáisiún agus go mbeidh siad ag brath ar fhógraíocht agus ar urraíocht le hairgead a fháil don stáisiún a choinneáil.
3. Tá. Tá naoi dtír eile ag glacadh páirte san fhéile.
4. Tá na cainteoirí ar fad dearfach faoin fhéile. Deir siad go dtugann an fhéile seans do dhaoine Gaeilge a labhairt agus léiríonn an fhéile na rudaí ar fad a bhíonn ann trí mheán na Gaeilge.
5. [www.snag.ie](http://www.snag.ie)

### Ceist 4

(1) Inscne an fhocail	(2) An Tuiseal Ainmneach	(3) An Tuiseal Tabharthach
<i>ainm f</i>	<i>an t-ainm</i>	<i>ar an ainm</i>
aois <b>b</b>	an aois	ag an aois
áit <b>b</b>	an áit	ag an áit
anlann <b>f</b>	an t-anlann	ar an anlann
uisce <b>f</b>	an t-uisce	ar an uisce
urlár <b>f</b>	an t-urlár	ar an urlár
idirlíon <b>f</b>	an t-idirlíon	ar an idirlíon
im <b>f</b>	an t-im	ar an im
iris <b>b</b>	an iris	ag an iris
úll <b>f</b>	an t-úll	ar an úll

**Ceist 5**

faoi bhrú (under pressure): Tá na scrúduithe ag teacht agus tá mé faoi bhrú ama.

faoi cheilt (hidden): Bíonn a lán rudaí faoi cheilt ag polaiteoirí na tíre seo.

faoi chois (suppression): Tá muintir na tíre á gcur faoi chois ag an rialtas.

faoi rún (confidential): Tá an litir sin faoi rún.

faoi mhaise (happy): Bliain úr faoi mhaise duit.

faoi chaibidil (discuss): Is é atá faoi chaibidil againn inniu ná an Aimsir Fháistineach.

faoi deara (notice): Níor thug mé faoi deara go raibh sé ann.

**Ceist 6**

Is féidir an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí má tá am ann.

### **Maolra Mac Donnchadha**

Cuireadh tús le Seachtain na Gaeilge inniu agus seoladh stáisiún nua raidió mar chuid den cheiliúradh. Raidió X an t-ainm atá ar an stáisiún faoi láthair atá le fáil ar an idirlíon. Tá comórtas tosaithe le hainm buan a roghnú, seo í Sorcha Ní Riada.

### **Sorcha Ní Riada**

Ar an idirlíon amháin atá Raidió X ar fáil faoi láthair ag [www.raidiox.ie](http://www.raidiox.ie). Seoladh an stáisiún go hoifigiúil i gColáiste na Tríonóide inniu agus tá siad siúd atá ina \*bhun ag súil gur togra buan a bheidh ann.

### **Lisa Ní Choisdealbha, Cathaoirleach Raidió X**

Le cúnaimh Dé go fadtéarmach beidh dóthain airgid ag teacht isteach ó \*\*fhógraíocht agus urraíocht á dhéanamh ar an stáisiún agus ar chláracha éagsúla a bheadh ar an stáisiún, em, ó anois go dtí deireadh na bliana is dócha beidh orainn teacht ar níos mó airgid ach go dtí seo tuigeann muid go bhfuil \*\*\*an tsuim ann.

### **Sorcha Ní Riada**

Chuir an ócáid seo tús le Seachtain na Gaeilge nó b'fhéidir gur chóir coicís na Gaeilge a ghlaoch air i mbliana.

### **Duine 1**

Bhuel is féile coicíse é anois faoi láthair, féile atá á reáchtáil againn thart timpeall na tíre seo agus go hidirnáisiúnta anois i mbliana freisin, le naoi dtír eile ar fud an domhain ag glacadh páirte.

**Sorcha Ní Riada:** Ach an bhfuil gá lena leithéid níos mó?

### **Duine 2**

*Oh tá cinnte yeah, mar tá an-suim ag daoine like sa Ghaeilge agus uaireanta níl aon bhealach acu chun é you know, níl na bealaí ann chun é, you know, cleachtadh, you know, agus Raidió X, you know sin rud nua, bealach iontach, gur iontach an rud é.*

### **Duine 3**

Tá sé fíorthábhachtach mar tá suim ag go leor daoine sa Ghaeilge ach níl mórán eolais acu faoi na rudaí éagsúla atá ar fáil trí mheán na Gaeilge agus sílim go gcuireann Seachtain na Gaeilge é sin chun solais.

### **Duine 4**

Cinnte, ba cheart go mbeadh seachtain mar seo i gcónaí ann. Tá daoine ann a bhfuil Gaeilge acu agus \*\*\*\*atá ag iarraidh úsáid a bhaint as an Ghaeilge, ach sílim in amanna bíonn eagla orthu an Ghaeilge sin a labhairt. Agus, i rith Seachtain na Gaeilge, bíonn an seans acu an Ghaeilge sin a labhairt agus seans a gcuid Gaeilge a úsáid i measc daoine eile a bhfuil suim acu sa Ghaeilge chomh maith.

Is féidir tuilleadh eolais d'fháil faoi Sheachtain na Gaeilge ar [www.snag.ie](http://www.snag.ie). Sorcha Ní Riada, Nuacht TG4, Baile Átha Cliath.

\* *ina mbun* a deirtear

\*\* *ó fógraíocht* a deirtear

\*\*\* *an suim* a deirtear

\*\*\*\* *a bhfuil* a deirtear